Brollach

Cuirim fáilte roimh Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2020-2023. Leagtar amach réimse uaillmhianach cuspóirí don trí bliana amach romhainn. Tá obair na hOifige ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht phoiblí agus chun tacú le cinnteoireacht agus freagracht in Éirinn.

Ba shoiléir an ról seo le linn na paindéime COVID-19, tráth a chuir an Oifig léargas ar fáil chun tacú le hÉirinn teacht tríd an ghéarchéim. Tá ról lárnach ag staitisticí ar ardchaighdeán chun tomhas agus cur síos a dhéanamh ar ár ngeilleagar agus ár sochaí agus i bhforbairt beartais.

Anuas ar an bpríomhchúram chun Ábhair Staidrimh Oifigiúil a thiomsú, tá méadú ag teacht ar an gcomhairle a thugann an Oifig don Státseirbhís agus don earnáil phoiblí trí chéile maidir le maoirsiú agus bainistíocht iontaofa sonraí. Tá ról ceannaireachta na hOifige lárnach san iarracht úsáid meadaithe a bhaint as sonraí na hearnála poiblí chun leasa sochaí na hÉireann, gnólachtaí agus lucht déanta beartais, mar aon le cur chun cinn sonraí riaracháin ar ardchaighdeán – bunús Ábhair Staidrimh Oifigiúil na hÉireann.

Guím gach rath ar an Oifig le cur i bhfeidhm na straitéise uaillmhianaí seo sna trí bliana amach romhainn. Tá muinín agam go mbainfidh foireann ghairmiúil díograiseach na hOifige na sprioganna inti amach.

JACK CHAMBERS
Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit i Roinn an Taoisigh
Nollaig 2020

Réamhrá

Leagtar amach ár bhfís fhadtéarmach i CSO 2030 faoin manna "Léargas Neamhspleách do chách" agus déantar cur síos sa Ráiteas Straitéise seo ar ár bpleananna don chéad trí bliana eile.

Bítear ag súil anois le faisnéis thráthúil, shonrach, ábhartha, oibiachtúil agus tiomsaithe ar bhonn neamhspleách atá dírithe ar ábhair a bhaineann le hathruithe i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann Caitheadh solas ar an tábhacht le tráthúlacht sonraí le linn na paindéime COVID-19 agus coinneofar béim lárnach uirthi seo ó thús deireadh na straitéise seo.

Leis an dlús faoin timthriall nuachta, tá athruithe suntasacha ag teacht ar an gcaoi ina bpléitear le faisnéis agus ina n-aimsítear í. Gné shuntasach atá ag croílár gach ábhar Staidrimh Oifigiúil is iad na prionsabail rúndachta, cáilíochta, cruinnis agus ionracais. Is tábhachtach an difear an dhéanann siad seo sa lá atá inniu ann agus is gá dár n-úsáideoirí iad a aithint agus a thuiscint.

Len é seo a chinntiú, ní mór dúinn dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara go léir, litearthacht staitisticiúil a chur chun cinn agus táirgí agus seirbhísí staitisticiúla a dhéanamh níos inrochtana fad is atáimid ag freastal ar éilimh faoi leith ó shainúsáideoirí. Chuige sin, tá gá le foireann ilchineálach, nuálach agus tiomanta a dhéanann a ndícheall. Daoine díograiseacha gairmiúla iad baill foirne na hOifige, tá siad ag tnúth le tabhairt faoi CSO 2030 agus an Ráiteas Straitéise seo.

I mBunprionsabail na Náisiún Aontaithe um Staidreamh Oifigiúil, cuirtear síos ar Ábhair Staidrimh Oifigiúil mar "eilimint riachtanach i gcruthú sochaí daonlathach eolach". Taca san iarracht sin d'Éirinn is iad na hábhair staidrimh oifigiúil a sholáthraímid.

PÁDRAIG DALTON
Ard-Stiúrthóir
Nollaig 2020

Cé muidne?

Oifig neamhspleách is ea an Phríomh-Oifig Staidrimh faoin Acht Staidrimh, 1993. Soláthraímid faisnéis staitistiúil atá saor agus neamhspleách ar mhaithe le díospóireacht agus cinnteoireacht éifeachtúil i réimsí rialtais, gnó agus sóisialta. Is leas poiblí iad na táirgí a chuirimid ar fáil agus is cuid riachtanach iad chun sochaí eolach a chruthú do mhuintir na hÉireann.

Ár bhFís:

Léargas neamhspleách do chách.

Ár Misean:

Cur síos a dhéanamh ar Éirinn, na daoine inti, an geilleagar, an tsochaí agus an timpeallacht le sonraí infhioráithe agus le faisnéis chruinn mar aon le léargas neamhchlaonta a chur ar fáil.

Ár Sainordú:

Tá sainordú dlíthiúil na hOifige bunaithe ar an Acht Staidrimh, 1993 agus ar Rialachán AE 223/2009, chun na feidhmeanna a leanas a chomhlíonadh:

- Bailiú, tiomsú, asbhaint agus scaipeadh, chun críocha staitistiúla, faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí an Stáit i réimsí geilleagracha, sóisialta agus ginearálta
- Comhordú a dhéanamh ar thiomsú staidrimh oifigiúil na n-údarás poiblí.

Is é an príomhchúram atá orainn faoin sainordú seo ná faisnéis neamhspleách, oibiachtúil, ábhartha iontaofa agus ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhonn macánta agus trédhearcach. Déanaimid an méid seo chun clol leis an sainordú agus, chomh tábhachtach céanna, chun tacú le sochaí eolach a chruthú do mhuintir na hÉireann.

Ár Luachanna

- **Neamhspleáchas:** Táimid gairmiúil, oibiachtúil, neamhchlaonta agus iompraímid muid féin ar bhealach macánta i gcónaí
- **Iontaofacht:** Táimid trédhearcach agus ionraic. Cloímid leis na caighdeáin staidrimh idirnáisiúnta is airde agus soláthraímid táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán agus ar bhealach eiticiúil
- **Rúndacht:** Cuirimid na caighdeáin is airde i bhfeidhm i ndáil le rúndacht agus príobháideacht sonraí. Cloímid le téarmaí an Acht Staidrimh, 1993 agus leis an RGCS. Dearbhaímid faoin dlí nach n-úsáidfimid sonraí ach amháin chun críocha staidrimh.
- **Freastal ar an bpobal:** Bímis ag plé lenár gcustaiméirí agus úsáidimid ár saineolas chun seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar
- **Foghlaim leanúnach:** Táimid uaillmhianach, ag breathnú chun cinn agus dírithe ar nuálaíocht agus comhoibriú.

An Domhan Inathraithe

Feidhmíonn an Oifig i dtimpeallacht dhinimiciúil ina dtagann dúshláin nua chun cinn an t-am go léir. Áirítear orthu seo

- Dúil phoiblí i bhfaisnéis thráthúil ar réimse leathan ábhar
- Éileamh ar sheirbhísí sonraí ón Státseirbhís agus ón tSeirbhís Phoiblí atá ag fás i gcónaí
- Castacht níos mó sna hábhair a bhfuilimid ag iarraidh tomhas agus tuairisciú a dhéanamh orthu
- Éileamh níos mó ar fhaisnéis níos mionsonraithe inár dtáirgí aschuir agus dúil níos mó i meastacháin shealadacha agus fhíor-ama – cé go bhféadfaí iad a leasú – atá ceaptha chun léargas tráthúil ar threochtaí a sholáthar
- Luas an timthriall nuachta agus athruithe ar na bealaí a tagtar ar nuacht i measc an phobail
- Iomaíocht níos mó d'aird úsáideoirí i ndomhan atá ar maos le sonraí
- Ráfaí freagartha ag dul i laghad ó thaobh suirbhéanna staitistiúla traidisiúnta de
- Riachtanais sonraí ag eascairt as an mBreatimeacht agus COVID-19
- An gá leis an ualach ar fhreagróirí a laghdú, foinsí sonraí éagsúla a fhorbairt agus bailiú, stóráil agus próiseáil sonraí a chur in oiriúint don lá atá inniu ann.

Ár dtosaíochtaí straitéiseacha do 2020—2023

1. *Eolas agus faisnéis do chách a dhéanamh de shonraí agus staitisticí*
2. *Cuir le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí*
3. *Cáilíocht gach Ábhar Staidrimh Oifigiúil in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhú*
4. *Ár bpróisis agus ár gcórais staitistiúla a nuachóiriú*
5. *Leanúint orainn ag cothú inniúlacht ár ndaoine*

Ár Spriocanna Straitéiseacha

1. Eolas agus faisnéis do chách a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

- Ár gclár oibre staidrimh náisiúnta agus Eorpach a sheachadadh, lena n-áirítear an Daonáireamh
- Níos mó táirgí aschuir dírithe ar shaoránaigh a fhorbairt, m.sh. uirlisí idirghníomhacha, agus bealaí cumarsáide agus scaipthe eolais a fheabhsú
- Feasacht a chothú maidir le luachanna na hOifige, lena n-áirítear rúndacht, trédhearcacht agus neamhchlaontacht
- Réimse, caighdeán agus inrochtaineacht ár dtáirgí agus ár seirbhísí a chothú
- Táirgí agus seirbhísí nua a chruthú agus a fhorbairt (lena n-áirítear meastacháin shealadacha agus fhíor-ama de réir mar is ábhartha agus is cuí) i gcomhairle lenár n-úsáideoirí
- Úsáid micreashonraí chun críocha taighde a éascú
- Oibrigh le páirtnéirí chun táirgí staitistiúla nuálacha a fhorbairt agus foinsí sonraí nua a aimsiú chun léargas níos mó a thabhairt ar théamaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear cinn a eascraíonn as an bpaindéim COVID-19.

2. Cuir le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí

- Foinsí tánaisteacha sonraí nua a aithint, a chíoradh agus a chur in úsáid, lena n-áirítear foinsí riaracháin agus i seilbh phríobháideach, ar mhaithe le hÁbhair Staidrimh Oifigiúil a thiomsú
- Cáilíocht na bhfoinsí sonraí riaracháin a fheabhsú trí caighdeáin, rialacha agus treoracha a fhorbairt chun rialú a dhéanamh ar rangú, stóráil agus bainistiú sonraí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí
- Na dúshláin agus deiseanna bainteach le rochtain staitistiúil ar fhoinsí sonraí i seilbh phríobháideach a chíoradh - foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon - agus dearcadh na hOifige a chur in iúl i bhforaim ábhartha
- An tUalach Freagartha a íoslaghdú ach an úsáid is éifeachtaí a bhaint as foinsí sonraí nua.

3. Cáilíocht gach Ábhar Staidrimh Oifigiúil in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhú

- Ról na hOifige mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí staidrimh i measc soláthróirí Ábhar Staidrimh Oifigiúil in Éirinn a fhorbairt, i gcomhréir leis an Acht Staidrimh, 1993 agus Rialachán 223/2009 den AE
- Leanúint de rúndacht staitistiúil a chinntiú
- Córas Staidrimh na hÉireann (ISS) a fhorbairt i gcomhréir le Straitéis do Staitisticí an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (NSB), le Cód Cleachtais Staidrimh na hEorpa (ESCoP), le Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) agus le Creat Bainistíochta Cáilíochta agus Straitéis Cáilíochta de chuid na hOifige féin
- An ISS a fhorbairt ach an Clár Iasachta Staitisteoirí a leathnú amach ar fud na hearnála poiblí
- I gcomhréir lenár sainordú dlíthiúil, an ról forbhreathnaithe/maoirseachta don Oifig in éiceachóras sonraí na hÉireann a shainiú
- Oibrigh go leanúnach chun téagar ár bpróisis agus córais staitistiúla a dheimhniú.

4. Ár bpróisis agus ár gcórais staitistiúla a nuachóiriú

- Forbairtí cáilíochta (an QMF san áireamh), atá bunaithe ar mhodheolaíocht láidir, a dhaingniú i dtimthriall soláthartha staitistiúil na hOifige
- Teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí nua a úsáid chun próisis agus córais staitistiúil a láidriú agus an tuiscint sin a roinnt le soláthróirí eile Ábhar Staidrimh Oifigiúil
- Ailtireacht sonraí na hOifige a fhorbairt chun samhail seirbhíse a chruthú faoina stórálfaí agus faoina mbainisteofaí sonraí go lárnach
- Ár n-inniúlachtaí bailithe sonraí digiteacha a fhorbairt
- Bealaí digiteacha um scaipeadh sonraí agus cumarsáide a fhorbairt chun ligean d'úsáideoirí leas a bhaint as ár sonraí go héasca
- Deiseanna a phlé lenár gcomhghleacaithe sa chomhphobal Staidrimh Idirnáisiúnta agus leis an lucht léinn maidir le meaisínfhoghlaim agus intleacht shaorga
- Scileanna agus uirlisí geospásúla na hOifige a fhorbairt.

5. Leanúint orainn ag cothú inniúlacht ár ndaoine

- Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn lena chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i mbaint amach spriocanna na hOifige
- Cultúr ina leagtar béim ar chomhionnanas, éagsúlacht, cuimsitheacht agus ardfheidhmíocht a chothú agus cloigh le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine
- Nuálaíocht, rannpháirtíocht foirne agus cultúr rannpháirtíochta san Oifig a chothú
- Tacaigh le forbairt phearsanta agus ghairmiúil
- Gairmiúlacht staitistiúil na hOifige agus na ball foirne ar iasacht san ISS a chothú
- Leanúint de thacaíochtaí corparáideacha a fhorbairt agus a ghairmiúlú chun le riachtanais na heagraíochta agus iad ag athrú agus éifeachtacht fhoriomlán na heagraíochta a fheabhsú, laghdú ar ár lorg carbóin san áireamh
- Ár ngréasáin idirnáisiúnta a chothú agus a úsáid chun inniúlacht ár ndaoine agus na heagraíochta a mheadú
- Réimse níos leithne d'uirlisí comhoibrithe a fhorbairt mar thacú foirne sa chomhthéacs oibre nua, roinnte idir an oifig agus láthair cianoibre.



Téamaí ag teacht chun cinn

Le linn shaolré na Straitéise seo, tabharfaidh an Oifig faoi fhorbairt staitistiúil aon áit a dtugtar faoi ndeara go bhfuil bearnaí i dtáirgí aschuir staitistiúla reatha. Áirítear orthu sin na bearnaí a tháinig chun solais mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19, agus cinn a eascraíonn as topaicí atá nua agus ag teacht chun cinn, cuir i gcás:

Eacnamaíocht agus gnó: Domhandú, an Geilleagar seirbhísí, Digitiú, Breatimeacht, Táirgiúlacht, Margadh saothair agus timpeallacht oibre an lá inniu

Staitisticí Sóisialta: Folláine, Comhionannas, Inscne, Éagsúlacht, Imirce, todhchaí tógáil an Daonáirimh in Éirinn, Oideachas

Comhshaol agus Aeráid: Forbairt bhreise ar na cuntais chomhshaoil, impleachtaí sóisialta ag an athrú aeráide, táscairí aeráide, dul chun cinn ar chuntais éiceachórais

Sláinte: Úsáid na seirbhísí sláinte, anailís shocheacnamaíoch, anailís eacnamaíoch ar úsáideoirí seirbhíse, anailís thireolaíoch ar sholáthar cúram sláinte, tacú le córas faisnéise sláinte na hÉireann

© Rialtas na hÉireann 2020

Ábhar arna chur i dtoll a chéile agus arna chur i láthair ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Tá atáirgeadh údaraithe; faoi réir altheantas a thabhairt don fhoinse.

Leagan clóite ISSN 2009-9762
Leagan ar líne ISSN 2009-9770

Ról an CSO in Éiceachóras Sonraí na hÉireann

Bunchloch den chinnteoireacht is iad sonraí ar ardchaighdeán. Is cuid riachtanach iad chomh maith chun a chur ar chumas mhuintir na hÉireann maireachtáil i sochaí eolach.

Cabhraíonn staitisticí ar ardchaighdeán le daoine na hathruithe a tharlaíonn i ngeilleagar agus i sochaí na hÉireann a thuiscint.

Cuimsíonn Éiceachóras Sonraí na hÉireann na gabháltais sonraí i Státseirbhís agus i Seirbhís Phoiblí na hÉireann. Tá léargas suntasach ag baint leis na gabháltais sonraí seo do lucht déanta beartais agus do mhuintir na hÉireann ach struchtúr a chur orthu agus iad a riaradh de réir caighdeáin agus rangúcháin chomhaontaithe. Gan struchtúr, bíonn sonraí fágtha i bhfolach i stórais aonraithe agus mar thoradh air sin caillfear deis chun éifeachtúlachtaí agus léargas breise a bhaint amach.

Trí na sonraí agus seirbhísí a sholáthraímid, tacaímid le comhcheangal sonraí agus éascaímid forbairt beartais, measúnú beartais agus taighde a dhéanann daoine agus grúpaí eile. Tugaimid ceannaireacht ar Chóras Staidrimh na hÉireann, lena n-áirítear na Staitisteoirí CSO ar iasacht a thiomsaíonn staitisticí agus a fheabhsaíonn bainistiú sonraí ar fud na Seirbhíse Poiblí. Anuas air sin, táimid lárnach i bhforbairt an Bhonneagar Sonraí Náisiúnta, tionscadal faoina moltar úsáid aitheantóirí uathúla ar fud na hearnála Státseirbhíse agus Poiblí, rud a éascaíonn bainistiú sonraí níos éifeachtúla agus úsáid sonraí riaracháin i dtiomsú ábhair Staidrimh Oifigiúil. Is é an CSO an cosantóir sonraí do Eiceachóras Sonraí na hÉireann, ról a chuimsítear in ailt 10(2), 10(3) agus 31 den Acht Staidrimh, 1993. Sa ról sin, imreoidh an CSO tionchar ar fheabhsú an caighdeán atá ar fhoinsí sonraí riaracháin ach caighdeáin chomónta, rialacha agus treoracha a fhorbairt. Beidh feidhm acu seo i rangúchán, stóráil agus bainistiú sonraí a rialú ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

Rachaidh éiceachóras láidir sonraí chun leasa dírigh na hÉireann ar na bealaí a leanas:

- Idirghníomhú an phobail le seirbhísí stáit a chuíchóiriú
- Taca a chur faoi fhorbairt agus measúnú beartais atá bunaithe ar fhianaise
- Bonn eolais a chur faoi sheachadadh seirbhíse feabhsaithe
- Láidriú na seirbhíse poiblí a chur chun cinn
- Sonraí riaracháin ar ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe le tiomsú ábhair Staidrimh Oifigiúil.

Idirghabháil idirnáisiúnta

Is as
SONRAÍ

a thiomsaítear
EOLAS

lena ghintear
FAISNÉIS

arb é a thoradh
CINNTEOIREACHT FHEASACH

RÁITEAS STRAITÉISE 2020 — 2023

Léargas Neamhspleách do chách

Tá sé de dhualgas dlíthiúil ar an CSO ceannaireacht a thabhairt agus comhordú a dhéanamh ar thiomsú Staidrimh Oifigiúil in Éirinn. Tagann trí cheathrú de tháirgí staitistiúla na hOifige faoi fhorálacha i reachtaíocht Eorpach.

Glacann an Oifig go hiomlán le Bun-Phrionsabail na Náisiún Aontaithe um Staidreamh Oifigiúil agus cloíonn sí le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh.

D'fhorbraíomar Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann chun tacú le táirgeoirí ábhair Staidrimh Oifigiúil. Tugaimid ceannaireacht ar fud an éiceachórais sonraí idirnáisiúnta trínár gcuid oibre agus comhoibrithe le heagrais idirnáisiúnta, ina measc Eurostat, na Náisiúin Aontaithe agus Institiúidí Staidrimh Náisiúnta eile.

An bealach ina gcomhlíonfar na ndualgas amach anseo

Daoine

- Leanaimid de ghairmiúlacht agus saineolas ár mbaill foirne a chothú chun cloí lenár n-oibligeáid chun staitisticí a tháirgeadh atá neamhspleách, oibiachtúil agus ar ardchaighdeán
- Leanfaimid dár ndaoine a chumasú ionas go mbíonn an cumas, an ghairmiúlacht agus na scileanna riachtanacha acu chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh
- Leanfaimid de cheannaireacht, rannpháirteacht agus nuálaíocht a spreagadh i measc na foirne ag gach leibhéal san CSO
- Leanfaimid de chultúr feidhmíochta den scoth a fhorbairt.

Teicneolaíocht

- Leanfaimid de leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíochta chun ár bpróisis táirgthe staitistiúla a fheabhsú agus a fhorbairt agus chun tacú le feabhsuithe ó thaobh tráthúlachta, cáilíochta, miondealuithe agus réimse de inár dtáirgí staitistiúla.

Cáilíocht

- Leanfaimid de cháilíocht ár gcuid oibre a fhorbairt; tacaíochtaí modheolaíochta agus cosanta sonraí chun a chinntiú go bhfanann ár dtáirgí staitistiúla chun tosaigh ó thaobh deachleachtais de.
- Leanfaimid de phróisis dearbhú cáilíochta a fhorbairt atá trédhearcach agus láidir chun a léiriú go bhfanann ár dtáirgí staitistiúla chun tosaigh ó thaobh deachleachtais de.
- Tacóimid le heagraíochtaí earnála poiblí chun cáilíocht a bhfoinsí sonraí riaracháin a fheabhsú.

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office